AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.3.2025
COM(2025) 92 final

2025/0049 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (AE) 2025/202[1] ón gComhairle socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Leasaítear leis an togra na deiseanna iascaireachta sin chun an chomhairle eolaíoch is déanaí agus forbairtí eile a chur san áireamh.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach leis na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI) (‘an Bunrialachán’), atá, *inter alia*, le cur i bhfeidhm agus deiseanna iascaireachta á mbunú, i.e. teorainneacha ar iarrachtaí gabhála agus iascaireachta, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbeidh iascach an Aontais inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta, an gheilleagair agus na sochaí de.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] (‘an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí’), agus is é is aidhm dóibh rannchuidiú le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach, go háirithe a mhéid a bhaineann le tuairisceoir 3 maidir le dea-stádas comhshaoil, lena gceanglaítear go mbeidh an t-iasc agus an sliogiasc a ndéantar saothrú tráchtála orthu laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá leis an togra.

• Coimhdeacht

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

---

[1] Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

[3] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj).

- **Comhréireacht**

Leis an togra, déantar deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir leis na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach sa Bhunrialachán agus i gcomhréir le toradh na gcomhairliúchán iltaobhach nó déthaobhach le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, lena n-áirítear i gcomhthéacs eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna). Dá bhrí sin, ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú agus an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil á cur san áireamh. Sa bhreis ar bhreithnithe bitheolaíocha, ba cheart breithnithe socheacnamaíocha a chur san áireamh sna deiseanna iascaireachta, go háirithe an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe an tráth céanna.

De bhun Airteagal 16(6) agus (7) agus Airteagal 17 den Bhunrialachán, tá na Ballstáit le cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a bhféadfar na deiseanna iascaireachta a chuirtear ar fáil dóibh a chionroinnt ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach i gcomhréir le critéir áirithe a leagtar amach sna hAirteagail sin. Dá bhrí sin, tá an corrlach lánroghnach is gá ag na Ballstáit agus na cuótaí cionroinnte á ndáileadh acu, i gcomhréir leis an tsamhail shóisialta/eacnamaíoch is fearr leo chun na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh a úsáid.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go leasaítear rialachán atá ann cheana leis an togra, rialachán is fearr a oireann mar ionstraim dhlíthiúil.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, go háirithe trí na comhairlí comhairleacha, ar bhonn na teachtaireachta bliantúla uaidh dar teideal *‘Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2025’* (COM(2024) 235 final).

I bhfreagraí na bpáirtithe leasmhara ar an teachtaireacht bhliantúil sin, leagadh amach na tuairimí a bhí acu maidir le meastóireacht an Choimisiúin ar staid na n-acmhainní agus maidir leis an bhfreagairt iomchuí bhainistíochta. Chuir an Coimisiún na freagraí sin san áireamh agus an togra á cheapadh aige.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá comhairle eolaíoch ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM) bunaithe ar chreat a d’fhorbair a chuid grúpaí saineolaithe agus comhlachtaí cinnteoireachta, agus eisíodh í i gcomhréir lena chreatchomhaontú comhpháirtíochta leis an gCoimisiún.

- **Measúnú tionchair**

Le hAirteagal 43(3) CFAE cuirtear teorainn le raon feidhme an togra.

Leis an togra seo féachtar le cur chuige gearrthéarmach a sheachaint ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht fhadtéarmach. Cuirtear san áireamh ann tionscnaimh ó na páirtithe

leasmhara agus ó na comhairlí comhairleacha más rud é go ndearna CITM athbhreithniú dearfach orthu. Bhí an togra ón gCoimisiún maidir le CBI a athchóiriú bunaithe ar mheasúnú tionchair (SEC(2011) 891) inar measadh, cé gur coinníoll riachtanach é an cuspóir maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach chun inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú, nach féidir na trí chuspóir sin a bhaint amach astu féin.

A mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic ERBInna agus stoic a ndéantar bainistíocht chomhpháirteach orthu le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, is éard a dhéantar go bunúsach leis an togra seo bearta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme. Le linn ullmhú na caibidlíochta idirnáisiúnta ar faoina cuimsiú a dhéantar deiseanna iascaireachta an Aontais a chomhaontú le tíortha nach bhfuil san Aontas agus lena linn, déileáiltear le haon ghné atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na deiseanna iascaireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Comhlíonann an togra seo cearta bunúsacha, agus go háirithe na cearta sin a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra, féachtar le Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle a leasú mar a thuairiscítear thíos.

An chorr ghainimh sa Mhuir Thuaidh

Le Rialachán (AE) 2025/202, marcáladh go sealadach le 'le bunú' na gabhálacha iomlána incheadaithe (GII) le haghaidh corra gainimh agus foghabhálacha gaolmhara (*Ammodytes* spp.) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 CITM (an Mhuir Thuaidh), in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 3a (Skagerrak agus Kattegat) le haghaidh 2025, go dtí go bhfoilseofar an chomhairle eolaíoch ó CITM maidir leis an stoc sin le haghaidh 2025.

Meastar go ndéanfaidh CITM a chomhairle eolaíoch le haghaidh 2025 le haghaidh corra gainimh i bhfolimistéar 4 CITM agus i roinn 3a CITM a fhoilsiú an 28 Feabhra 2025. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin, reáchtálfaidh an tAontas comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe maidir le leibhéal an GII le haghaidh 2025 le haghaidh an stoic sin, de bhun Airteagail 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[4] ('an Comhaontú

[4] Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

Trádála agus Comhair'). Go dtí go bhfaighfear toradh na gcomhairliúchán déthaobhach sin, tá téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2024/1015 ón gComhairle[5] san áireamh idir lúibíní cearnacha agus is le pm (*pro memoria*) a mharcáiltear an GII le haghaidh corra gainimh i bhfolimistéar 4 agus i ranna 2a agus 3a CITM le haghaidh 2024. A luaithe a bheifear ar an eolas faoi thoradh na gcomhairliúchán déthaobhach sin, déanfaidh ranna an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil lena moltar an GII ábhartha le haghaidh 2025 ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.

CICTA

Maidir le teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ar an tuinnín gorm (*Thunnus thynnus*) i gcuid de limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA), san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir, agus maidir leis an uas-ionchur agus uas-acmhainneacht le haghaidh fheirmeacha tuinníní gorma an Aontais sa limistéar sin, tá siad bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sna pleananna bliantúla dá dtagraítear in Airteagail 11, 13 agus 15 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Tá na Ballstáit leis na pleananna sin a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2023/2053. Tiomsóidh an Coimisiún na pleananna sin ina dhiaidh sin agus beidh siad ina mbonn le plean bliantúil de chuid an Aontais a bhunú, ar plean é a chuirfear ar aghaidh chuig Rúnaíocht CICTA lena phlé agus lena fhormheas, mar a cheanglaítear le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2023/2053. Go dtí go ndéanfaidh CICTA plean bliantúil an Aontais a chur isteach agus a fhormheas, tá téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2024/1015 ón gComhairle san áireamh idir lúibíní cearnacha agus is le pm (*pro memoria*) a mharcáiltear teorainneacha iarrachta iascaireachta an Aontais, agus uas-ionchur agus uas-acmhainneacht feirmeoireachta an Aontais le haghaidh 2025. A luaithe a dhéanfaidh CICTA plean bliantúil an Aontais a fhormheas, déanfaidh ranna an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil lena molfar na teorainneacha iarrachta iascaireachta ábhartha agus uas-ionchur agus uas-acmhainneacht na feirmeoireachta le haghaidh 2025.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2023/2053, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go n-aistreofar 5 % ar a mhéad dá gcuóta bliantúil le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir, ón mbliain roimhe sin go bliain ar leith. I gcás ina ndéanann na Ballstáit an iarraidh sin, ceanglaítear orthu plean iascaireachta bliantúil athbhreithnithe agus plean bliantúil bainistithe iascaireachta athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ar bhonn na bpleananna iascaireachta bliantúla athbhreithnithe sin agus pleananna bliantúla bainistithe iascaireachta athbhreithnithe, cuirfidh an Coimisiún plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais faoi bhráid Rúnaíocht CICTA lena phlé

---

den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).

5 Rialachán (AE) 2024/1015 ón gComhairle an 26 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 lena socraítear lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad(IO L, 2024/1015, 27.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1015/oj).

6 Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj).

agus lena fhormheas ag CICTA, de bhun Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) 2023/2053. Go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithnithe den sórt sin a chur san áireamh agus a fhormheas i bplean bliantúil an Aontais, cuirtear téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2024/1856 ón gComhairle[7] idir lúibíní cearnacha agus is le 'pm' a mharcáiltear an GII le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir le haghaidh 2025. A luaithe a dhéanfaidh CICTA plean bliantúil an Aontais a fhormheas, déanfaidh ranna an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil lena molfar cuótaí na mBallstát ábhartha le haghaidh an stoic sin le haghaidh 2025 a leasú dá réir sin.

Thairis sin, de bhun Airteagail 8a, 17b agus 18b de Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] , cuóta bliantúil Ballstáit maidir leis an méid seo a leanas: (i) an tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*) san Aigéan Atlantach; (ii) an tuinnín colgach (*Thunnus alalunga*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T agus laisteas de 5°T faoi seach; agus (iii) an colgán (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T agus laisteas de 5°T faoi seach, féadfar iad a aistriú ón mbliain leathdheireanach go bliain ar leith i gcomhréir le moltaí ábhartha CICTA. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe cuótaí na mBallstát ábhartha le haghaidh na stoc sin le haghaidh 2025 a leasú dá réir sin.

I gcás ina bhfoghabhtar iad go teagmhasach, ceanglaítear le hAirteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2017/2107 ar shoithí an Aontais gan dochar a dhéanamh don mhácó biorshrónach (*Isurus oxyrinchus*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T ('mácó biorshrónach an Atlantaigh Thuaidh'), agus é a scaoileadh go pras isteach san fharraige, a mhéid is féidir, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht ball den chriú. Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag CICTA in 2021, glacadh toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán de mhácó bhiorshrónach an Atlantaigh Thuaidh a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an toirmeasc sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Níor cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc sin ach go dtí go mbeidh feidhm ag leasú ar Rialachán (AE) 2017/2107 lena gcuirtear an toirmeasc sin chun feidhme.

SPRFMO

I Rialachán (AE) 2025/202, socraítear go sealadach ag nialas na GIInna i limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) agus tá bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na GIInna á gcoinneáil ar bun go sealadach, go dtí go bhfaighfear toradh chruinniú bliantúil 2025 SPRFMO a tionóladh ón 17 go dtí an 21 Feabhra 2025.

---

[7] Rialachán (AE) 2024/1856 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 deiseanna iascaireachta den sórt sin (IO L, 2024/1856, 1.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1856/oj).

[8] Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj).

Go dtí go bhfaighfear toradh foirmiúil na gcomhairliúchán déthaobhach sin, tá téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2024/1015 ón gComhairle san áireamh idir lúibíní cearnacha agus is le ‘pm’ (*pro memoria*) a mharcáiltear an GII i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO. A luaithe a bheifear ar an eolas faoi thoradh an chruinnithe bhliantúil sin, déanfaidh ranna an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil lena moltar na GIInna ábhartha le haghaidh 2025 ar an leibhéal a comhaontaíodh in SPRFMO.

An Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha

Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag an gCoimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (CICTA) in 2024, coinníodh ar bun na tréimhsí coiscthe le haghaidh soithí peas-saighne a dhéanann iascaireacht ar an tuinnín buí (*Thunnus albacares*), an tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*) nó an tuinnín aigéanach (*Katsuwonus pelamis*). Cuireadh an beart sin chun feidhme cheana i ndlí an Aontais trí Rialachán (AE) 2025/202. Ina theannta sin, ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag CICTA in 2024, cinneadh gur cheart do na Páirtithe Conarthacha gabhálacha bliantúla tuinníní mórshúileacha a dhéanann soithí peas-saighne aonair a thuairisciú dá Rúnaíocht faoin 15 Feabhra an bhliain dár gcionn agus ba cheart dóibh foráil a dhéanamh maidir le laethanta coiscthe breise le haghaidh soithí peas-saighne aonair i gcás ina mbaineann na soithí sin tairseacha sonracha amach i ngabhálacha tuinníní mórshúileacha. Tá sé beartaithe freisin na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

2025/0049 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle[9] socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin a leasú, lena n-áirítear bearta áirithe atá nasctha go feidhmiúil leo, chun foilsiú na comhairle eolaíche a chur san áireamh chomh maith le torthaí an chomhairliúcháin le tríú tíortha agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna).

(2) [Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis an chomhairliúcháin idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a thabhairt i gcrích.] [An 7 agus an 8 Márta 2024, chuaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[10] (‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’) maidir le leibhéal na ngabhálacha iomlána incheadaithe (GII) le haghaidh corra gainimh agus foghabhálacha gaolmhara (Ammodytes spp.) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 CITM, in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a CITM, agus in uiscí an Aontais i roinn 3a. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn sheasamh an Aontais a d’fhormhuinigh an Chomhairle an 4 Márta 2024. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú i dtaifead

[9] Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj).

[10] Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).

i scríbhinn a síníodh an 12 Márta 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, an GII ábhartha a shocrú ar an leibhéal a chomhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.]

(3) [Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis do CICTA plean bliantúil an Aontais a fhormheas.] [Maidir le teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ar thuinníní gorma (Thunnus thynnus) i gcuid de limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA), san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir, agus maidir leis an uas-ionchur agus uas-acmhainneacht le haghaidh fheirmeacha tuinníní gorma an Aontais sa limistéar sin, tá siad bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sna pleananna bliantúla dá dtagraítear in Airteagail 11, 13 agus 15 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11]. Tá na Ballstáit leis na pleananna sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir gach bliain, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2023/2053. Tiomsóidh an Coimisiún na pleananna sin ina dhiaidh sin agus beidh siad ina mbonn le plean bliantúil de chuid an Aontais a bhunú, ar plean é a chuirtear ar aghaidh chuig Rúnaíocht CICTA lena phlé agus lena fhormheas, mar a cheanglaítear le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2023/2053. An 6 Márta 2024, d'fhormheas CICTA plean bliantúil an Aontais le haghaidh 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, teorainneacha iarrachta iascaireachta an Aontais agus uas-ionchur agus uas-acmhainneacht feirmeoireachta an Aontais le haghaidh 2024 a leasú i gcomhréir leis an bplean bliantúil sin.]

(4) [Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis do CICTA plean bliantúil an Aontais a fhormheas.] [De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2023/2053, chuir na Ballstáit san áireamh ina bpleananna bliantúla iascaireachta agus ina bpleananna bainistithe acmhainneachta iarrataí ar an gCoimisiún 5 % dá gcuóta bliantúil tuinníní gorma a thabhairt anonn san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir ó 2023 go 2024. Ar bhonn na bpleananna sin, chuir an Coimisiún plean bliantúil athbhreithnithe an Aontais le haghaidh 2024 faoi bhráid Rúnaíocht CICTA lena fhormheas ag CICTA. An 24 Bealtaine 2024, d'fhormheas CICTA an plean sin. Ba cheart, dá bhrí sin, cuótaí na mBallstát ábhartha le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir le haghaidh 2024 a leasú dá réir sin.]

(5) De bhun Airteagail 8a, 17b agus 18b de Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuótaí bliantúla[12], le haghaidh Ballstáit áirithe maidir leis an méid seo a leanas: (i) an tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*) san Aigéan Atlantach; (ii) an tuinnín colgach (*Thunnus alalunga*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T agus laisteas de 5°T faoi seach; agus (iii) an colgán (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T agus laisteas de 5°T faoi seach, aistríodh iad ó

---

[11] Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj).

[12] Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj).

2023 go 2025 i gcomhréir le moltaí ábhartha CICTA. Ba cheart, dá bhrí sin, cuótaí na mBallstát ábhartha le haghaidh na stoc sin le haghaidh 2025 a leasú dá réir sin.

(6) Ceanglaítear le hAirteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2017/2107 nach ndéanfaidh soithí an Aontais dochar don mhácó biorshrónach (*Isurus oxyrinchus*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T ('mácó biorshrónach an Atlantaigh Thuaidh'), agus go scaoilfidh siad isteach san fharraige go pras é, a mhéid is féidir, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht ball den chriú. Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag CICTA in 2021, glacadh toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán de mhácó bhiorshrónach an Atlantaigh Thuaidh a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír. Ba cheart, dá bhrí sin, an toirmeasc sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc sin go dtí an 31 Nollaig 2025 nó go dtí an dáta a bheidh feidhm ag leasú ar Rialachán (AE) 2017/2107 lena dtugtar isteach an toirmeasc sin, cibé acu is túisce.

(7) *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil SPRFMO.]* [Ag an 12ú cruinniú bliantúil a bhí ag an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) in 2024, glacadh teorainneacha gabhála le haghaidh an bholmáin ghoirm (*Trachurus murphyi*) agus coinníodh ar bun iascaigh thaiscéalaíocha le haghaidh an déadéisc (*Dissostichus spp.*). Ina theannta sin, rinne SPRFMO na bearta atá nasctha go feidhmiúil a choinneáil ar bun nó a leasú. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.]

(8) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag an gCoimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (CICTA) in 2024, coinníodh ar bun na tréimhsí coiscthe le haghaidh soithí peas-saighne a dhéanann iascaireacht ar an tuinnín buí (*Thunnus albacares*), an tuinnín mórshúileach nó an tuinníní aigéanach (*Katsuwonus pelamis*). Cuireadh an beart sin chun feidhme i ndlí an Aontais trí Rialachán (AE) 2025/202. Ina theannta sin, ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag CICTA in 2024, cinneadh gur cheart do na Páirtithe Conarthacha gabhálacha bliantúla tuinníní mórshúileacha a dhéanann soithí peas-saighne aonair a thuairisciú dá Rúnaíocht faoin 15 Feabhra an bhliain dár gcionn agus ba cheart dóibh foráil a dhéanamh maidir le laethanta coiscthe breise le haghaidh soithí peas-saighne aonair i gcás ina mbaineann na soithí sin tairseacha sonracha amach i ngabhálacha tuinníní mórshúileacha. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2025/202 a leasú dá réir sin.

(10) Tá feidhm ag na deiseanna iascaireachta, agus ag na bearta atá nasctha go feidhmiúil leo, dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2025/202 ón 1 Eanáir 2025. Dá bhrí sin, na forálacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo maidir le deiseanna iascaireachta, agus bearta atá nasctha go feidhmiúil leo, ba cheart feidhm a bheith acu ón dáta sin freisin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist agus gur cuireadh bearta atá nasctha go feidhmiúil leo chun feidhme cheana féin.

(11) I bhfianaise na práinne atá le briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasú ar Rialachán (AE) 2025/202

Leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

‘

Airteagal 29
Siorcanna

1. I dteannta na dtoirmeasc a bhunaítear le hAirteagail 32 go 36 de Rialachán (AE) 2017/2107, toirmeascfar freisin tabhairt faoi iascaireacht spriocdhírithe ar speicis siorcanna súisteála den ghéineas *Alopias*.

2. Toirmeascfar freisin aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán den mhácó bhiorshrónaigh (*Isurus oxyrinchus*) a ghabhtar san iascach i limistéar Choinbhinsiún CICTA a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T.

’

(2) In Airteagal 37, cuirtear isteach na míreanna 5 agus 6 seo a leanas:

‘

5. Maidir le soithí iascaireachta peas-saighne de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún CICTA, déanfaidh na Ballstáit bhrataí sonraí maidir le gabhálacha bliantúla tuinníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún CICTA a dhéanann soithí aonair a bhí faoina mbratach an bhliain roimhe sin a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 1 Feabhra. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur i dtoll a chéile agus a tharchur go pras chuig Rúnaíocht CICTA.

6. Cuirfear síneadh leis na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh aon soitheach peas-saighne de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún CICTA a sháraigh le linn na bliana roimhe sin na tairseacha seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní mórshúileacha:

   – i gcás soithí den sórt sin a ghabh idir 1 200 tona agus 1 499 dtona de thuinníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún CICTA sa bhliain roimhe sin, cuirfear síneadh 10 lá leis an tréimhse choiscthe sin;

   – i gcás soithí den sórt sin a ghabh idir 1 500 tona agus 2 199 dtona de thuinníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún CICTA sa bhliain roimhe sin, cuirfear síneadh 13 lá leis an tréimhse choiscthe sin;

   – i gcás soithí den sórt sin a ghabh idir 2 100 tona agus 2 399 dtona de thuinníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún CICTA sa bhliain roimhe sin, cuirfear síneadh 19 lá leis an tréimhse choiscthe sin; agus

– i gcás soithí den sórt sin a ghabh 2 400 tona de thuinníní mórshúileacha nó níos mó i limistéar Choinbhinsiún CICTA an bhliain roimhe sin, cuirfear síneadh 22 lá leis an tréimhse choiscthe sin.

Comhlíonfaidh na soithí lena mbaineann síntí den sórt sin ar na tréimhsí coiscthe mar a leanas:

– i gcás soithí den sórt sin a roghnaigh an tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), ní mór do na soithí sin na laethanta breise a chomhlíonadh roimh thús na tréimhse coiscthe sin; agus

– i gcás soithí den sórt sin a roghnaíonn an tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), comhlíonfaidh na soithí sin na laethanta breise tar éis dheireadh na tréimhse coiscthe sin.

I gcás gach ceann de na soithí iascaireachta sin, cuirfidh an Ballstát brataí ábhartha an Coimisiún ar an eolas faoi shíntí den sórt sin maidir leis na tréimhsí coiscthe agus é á chur ar an eolas faoi na tréimhsí coiscthe roghnaithe i gcomhréir le mír 2.

‚

(3) In Airteagal 63, cuirtear an pointe (ha) seo a leanas isteach:

‘

(ha) Beidh feidhm ag Airteagal 29(2) ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025 nó ón dáta a thiocfaidh leasú ar Rialachán (AE) 2017/2107 i bhfeidhm, leasú lena dtugtar isteach toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán den mhácó bhiorshrónaigh (*Isurus oxyrinchus*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T, a ghabhtar in iascaigh i limistéar Choinbhinsiún CICTA, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, cibé acu is túisce.

‚

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IA, Cuid B, agus Iarscríbhinní ID, IH agus VI i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann 3

1.3. Cuspóirí 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 10
3.1. Na ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA 29
4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha 30
4.2. Sonraí 30
4.3. Réitigh dhigiteacha 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach 32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Iascach

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

1.3.2. Cuspóirí sonracha

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[13]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

[13] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)
Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*) [...]

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

